



SCÉALTA Ó MHÚSCRAÍ

Le Pet Uí Chonail — pet.oconnell@theecho.ie

Urraithe ag:
Gael-Taca
CORCAIGH LE GAELIS
www.gael-taca.com
021-4310841



Aíonna i láthair ag oscailt oifigiúil na dtithe sóisialta ag Cuan Barra, Béal Átha 'n Ghaorthaidh. Grianghrafadóir: Richard Coleman/Aperture Photography

Seanóirí i gcroílár an phobail le hoscailt tithe nua

LE breis agus 30 bliain caite aige ag obair mar fear a' phoist, tá léargas faighte ag Seán Ó Céileachair ar riachtanais shóisialta na mball dá phobal áitiúil.

Nuair a chonaic sé go raibh éileamh ar thithíocht sóisialta i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh, ghlac sé ról an chathaoirligh ar choiste nua. Coiste Tithe Uíbh Laoire, 20 bliain ó shin agus iad ag tabhairt faoi thri thig nua a thógaint sa sráidbhaile.

Nach mór trí thionóisc, chuir an coiste ionad acmhainne leis na pleananna chun cur leis na tithe nua agus sa bhliain 2002 osclaíodh na doirse i gCuan Barra.

Tá an ionad, atá díreach tar éis an ghné is déanaí dá chuid a nochtadh — trí thig nua dhá sheomra leapa, ag dubailt a líon tithe — mar mhól gníomhaíochtaí do bhaill óg agus aosta an phobail, le himeachtaí agus gníomhaíochtaí d'ógánaigh agus do sheanóirí taobh le chéile.

"Freastalaimid ar gach éinne," a dhearbhaíonn Seán. Agus leis an lucht cónaithe is déanaí ag bogadh isteach béal dorais le clós súgartha na leanaí, grúpa na lapadán, agus áiseanna tar éis scoile, tá an cur chuige uile-phobail seo mar chuid rithábhachtach de rath an ionaid go dtí seo.

"Nuair a thosaíomar amach ar dtús bhí sé ar intinn againn trí thig a thógaint, agus nuair a bhí cinneadh á dhéanamh ina leithsin, mhól duine éigin gur cheart dúinn ionad acmhainne a thógaint chomh maith agus bheartaíomar ar é sin a dhéanamh," a mhíníonn Seán.

Ní hamháin ina dhiaidh sin, bhí daoine ag teacht chugam maidir le clós súgartha do leanaí. Ag an am bhí níos mó spáis de dhíth orainn i gCuan Barra toisc go raibh ag éirí chomh maith sin linn, agus dheineamar cinneadh dá réir tabhairt faoin gclós súgartha agus seirbhís tar éis scoile, agus chuireamar leis an bpríomh-sheomra i gCuan Barra chun é a dhéanamh níos mó."

D'imigh rudaí ó neart go neart ar luas lasrach, le seirbhís breise ann do seanáoirí, d'úsáideoirí níos óige na háise, agus do gach éinne eile idir eatarthu.

Ní hamháin go bhfreastalaíonn foireann chistine Chuan Barra orthu siúd ina gcónaí sna tithe in aice láimhe, tugann siad béilí te don phobal níos leithne chomh maith, le seirbhís mionbhus speisialta ag bailiú custaiméirí agus á dtabhairt chun dtéann an ann.

Tá an oiread sin tóir ar ghné shóisialta an turais bus, go dtarlaíonn sé anois is arís nach mbíonn fonn ar phaisinéirí é a fhágaint, a deir Seán. "Bíonn scoraíocht agus comhrá acu agus tá fhios agam go dtéann roinnt daoine an slí fada abhaile, ag gabháil thar a dtithe féin fiú, ions go mbeadh níos mó ama acu ar an mbus, agus léimídis amach ansan ar an slí ar ais."

"Is cosúil go bhfuil sé ag éirí níos broidiúla agus níos broidiúla an t-am ar fad," a deir Seán, le cluichí cartai, bíongó, scoraíocht, teiripeoirí scéimhe agus cosla i measc na seirbhísí ag mealladh custaiméirí go Cuan Barra.

Deir Seán go bhfuil an spás gruagaireachta sin ionad tar éis cur go mór le seirbhís na háite, agus cuireadh é sin isteach ann chomh maith de bharr éileamh an phobail áitiúil.

"Bhíodh gruagaire againn sa sráidbhaile, ach bhog sí siúd ón gceantar agus dhúin sí a gnó. Bhíodh daoine ag rá nach mór an



Foireann na cistine ag an dtithíocht shóisialta nua i gCuan Barra, Béal Átha 'n Ghaorthaidh: Fionnuala Nic Suibhne, Máire Ní Liatháin, John Ó Luasa, Lucy Uí Luasa, Christina Uí Laoire, agus Pat Uí Chreimín.

trua é gur dúndadh an áit sin agus cé chomh áisiúil a bhí sé. Agus thosaíomar ag smaoineamh ar spás anseo sin ionad. Bhí spás oifige againn a bhí i bhfad ró mhór i ndáiríre agus chuireamar isteach díortéal agus roinnt rudaí eile agus tá ag éirí go seoigh leis ó shin."

Cintíonn a chuid dualgas poist go bhfaigheann Seán aiseolas pobail leanúnach maidir le Cuan Barra.

"Nuair a bhíonn tú amuigh faoin tuath bíonn tuiscint agat ar na nithe agus na seirbhísí atá ag teastáil," a deir sé. "Nuair a bhíonn tú ag gaoch go tithe, lá i ndiaidh lae, bíonn aithne mhaith agat ar gach éinne."

Lena leithéidí pilates, ioga, ranganna ceoil, agus cumann ceamara i measc an ualach mór gníomhaíochtaí ag feidhmiú ó Chuan Barra, bíonn fadhb amháin ag an gcoiste deonach — tá iníon Sheáin, Caitríona mar rúnaí agus is é Dan Ó Duinnín an cisteoir. "Is iontach an gleo a bhíonn anseo agus an fhadhb is mó a bhíonn againn ná cruinnithe agus ócáidí éagsúla a éascú. D'fhéadfadh go mbeadh trí rud iomlán éagsúil ar siúl ag aon am amháin," a deir Seán.

"Is mór an obair a bhíonn i gceist é a riaradh — tá seisear fostaíth ar an scéim fostaíochta pobail agus beirt fostaíth faoin gcúram leanaí, mar aon leis an teiripeoir scéimhe, an gruagaire, an cosla..."

Seachas fadhbanna leis an sceideal anois is arís, is mór an buntáiste don phobal áitiúil iad clós súgartha Spreaí na Laoi agus áiseanna Cuan Barra, arna soláthar le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chorcaí, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Rialtais Pobail agus Áitiúil, an Scéim um Chúnamh Cairpil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus Comhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann.

"Dhá sheomra leapa atá iontu ar fad, mar do sheanáoirí bheadh sé sin ina bhuntáiste dóibh dá mba rud é go mbeadh gá acu le cúramóir thar oiche, nó d'fhéadfadh duine dá muintir féin fanúint ann leo, nuair nach mbíonn siad ar fónamh," a deir Seán. "Cabhairíonn sé chun daoine a chloíodh amach as an ospidéal níos faide nuair is féidir aire a thabhairt dóibh go háitiúil."

"An buntáiste is mó ó na tithe ná gur féidir leis na daoine a bhogann isteach iontu fanúint ina bpobail féin — cuid mhaith acu an áit in fhásadar aníos — ach murach na tithe seo tá seans ann go mbeadh orthu tabhairt faoi thithe altranaís. Tá áisiúlacht an tsíopa agus oifig an phoist acu, agus tá an séipeal anchongarach dóibh. Tugann sé sin ar fad neamhspleáchas dóibh."



Úinéir Óstán Ghobnatan, Conrad Ó Críodáin, agus a mhac Micheál.

Gradam Uí Loingsigh do bhunaitheoir Óstán Ghobnatan, Conrad

BEIDH onóir á thabhairt d'fhear gnó a bhunaigh óstán ina shráidbhaile dúchais Baile Mhúirne 50 bliain ó shin le gradam i gcuimhne ar dhuine de mhór-fhiontraíthe an cheantair.

Ag cur le ceiliúradh na bliana seo leathcéad bliain ón uair a d'oscail Conrad Ó Críodáin Óstán Ghobnatan an deireadh seachtaine seo beidh Gradam an Dochtúra Uí Loingsigh á bhronnadh air.


Aithníonn an gradam an spiorad fiontraíochta, meon dearfach, agus an meas cultúrtha a samhlaítear leis an Dr Dónal Ó Loingsigh (1842-1913) i mball nuaimseartha de phobal Ghaeltacht Mhúscraí.

Mar dhochtúir ginearálta, d'fhreastail an Dr Ó Loingsigh ar riachtanais leighis a chuid othar, ach lena chois sin ar fholláine cultúrtha agus eacnamaíoch an phobail trí chéile i mBaile Mhúirne.

Tar éis dó fillleadh ón gcoagadh Franc Prúiseach bhunaigh an dochtúir roinnt gnóthaí, halla pobail, agus aonach eallach sa sráidbhaile, mar aon leis an nGaoluinn agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, agus craobhacha de Chonradh na Gaeilge á mbanú aige chomh maith.

Cúig bliana ó shin, agus breis agus céad bliain ó cailleadh an dochtúir, tugadh aitheantas foirmiúil don slí inar chuir sé chomh mór sin leis an sráidbhaile nuair a athainmníodh an ionad cultúrtha áitiúil mar Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh. Anois reáchtálar bailiúcháin bliantúil san Ionad i gcuimhne air, agus beidh an ócáid sin ar siúl an Satharn seo, 14ú Meán Fómhair, ag tosnú ar a 2.30in.

Dúirt Jerry Lynch, garrmáin an Dr Ó Loingsigh agus duine de lucht eagraithe an bhailiúcháin: "Tá gradam na bliana seo á bhronnadh ar Conrad Ó Críodáin mar aitheantas ar an méid atá curtha aige leis an sráidbhaile i dtaobh na fostaíochta, cur chun cinn cultúrtha, agus an sochaí." Dúirt sé chomh maith: "Is mór an fhóstaíocht atá cruthaithe aige ar bhonn lánaimseartha, páirtaimseartha, agus do mhic léinn san óstán i gcaitheamh na mblianta, agus do roinnt mhaith ceardaithe áitiúla chomh maith. Thosaigh sé amach agus ní raibh aige ach tigh le roinnt seomraí ann agus diadair ar ndiaidh d'fhorbair sé ina óstán é. Cuireadh leis



An Dr Dónal Ó Loingsigh

an bhfoirgneamh roinnt mhaith amanna ina dhiaidh sin, agus chuir sé go mór leis an ngnó nuair a osclaíodh seomraí ócáide ann."

Thug Conrad na sluaite turasóirí chuig an gceantar tar éis dó bus a cheannach, agus bhíodh turais mórthimpeall ar Chorcaigh agus Ciarraí á soláthar aige, ag mealladh custaiméirí éagsúla, go háirithe daoine ó Bhaile Átha Cliath, teacht chun fanúint san óstán.

Spreag sé go mór an ceol agus rince san óstán, agus é ina bhall chomh maith de choiste ag cinntiú go gcoimeádfai Scrín Ghobnatan i ndea-riocht.

Mar chuid de himeachtaí na deireadh seachtaine seo bronnfarr ar Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh portráid den dochtúir déanta ag ealaíontóir Chorcaí, Pat Dowling, a phéinteáil portráid den fhile Seán Ó Riordáin roimhe seo agus é ar chrochadh san Ionad.

I measc na gcainteoirí ag an ócáid beidh an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín ón Roinn Staire in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Déanfaidh sé cur síos ar an taighde atá ar bun ar shaol agus ar shaothar Sheáin Uí Chuilí ó Chúil Aodha, aoi mhór de thraidisiúin agus de bhéaloideas Mhúscraí a ghnóthaigh aitheantas thar cuimse dá chnuasach amhrán *Músgráidh Fíleata*.

Labhróidh staraí ealaíne, an Dr Caoimhín de Bhaillís faoi phéinteáil leis an ealaíontóir Alfred Elmore, a rugadh i gCloich na Colliete dar teideal *The Martyrdom of Thomas a Becket*, agus labhróidh an Dr Seán Ua Súilleabháin, Roinn na hUa-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, faoi Art Ó Laoghaire i dtéacs, in aistriúcháin, sa mhíotasa agus sa stair.

■ Féach: drlynchballyvourney.ie